# Vóta 19 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Táthar tar éis an cuntas seo a ullmhú i gcomhréir le Meastachán Athbhreithnithe na bliana 2011 don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thug aird ar athrú a ndearnadh ar theideal na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí i mí Aibreáin 2011 (I.R. uimh. 138/2011) agus traschur na bhfeidhmeanna i ndáil le Comhionannas, Comhtháthú, Míchumas agus Cearta Daonna (ó Aibreán 2011) agus Carthanais(ó Bealtaine 2011) ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (I.R. uimh. 139/2011 agus 194/2011). Dá thoradh sin, ní thagraíonn an caiteachas faoi na fotheidil ábhartha ach don chuid sin den bhliain tar éis aistriú na bhfeidhmeanna. Ar an tslí chéanna, ní léiríonn figiúirí comparáideacha caiteachais 2010 ach an caiteachas a rinneadh ón Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain sin freisin. Faoi mar a tuairiscíodh i gCuntas 2010, aistríodh roinnt feidhmeanna a bhain le Comhionannas, Comhtháthú, Míchumas agus Cearta Daonna chuig an iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i Mí Mheithimh 2010.

Lena chois sin, traschuireadh freagracht as na feidhmeanna i ndáil leis an Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, le héifeacht ó Samhain 2011. Is cuid den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige í an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh anois, agus lean sí uirthi de bheith ag maoiniú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh go deireadh 2011.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

**Dímheas**

Déantar sócmhainní caipitiúla a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% per annum de réir mhéid chothroim thar a saolré ionchais mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

I dteannta leis an gCuntas, tá ráiteas curtha faoi bhráid agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a fheidhmíonn sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
28 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 19: Dlí agus Ceart agus Comhionannais le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidil 15 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 19 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2012

# Vóta 19 Dlí agus Ceart agus Comhionannas
# Cuntas Leithreasa 2011

| **Seirbhís** | | | **2011 Soláthar Meastacháin** | **2010 Toradh** | **2010 Toradh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | | 20,678 | 20,913 | 20,705 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | | 457 | 301 | 338 |
| A.3. | Oiliúintagus forbairt agus costais theagmhasacha | | 3,768 | 4,082 | 4,555 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 1,133 | 1,235 | 1,131 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 6,467 | 7,027 | 8,340 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | | 1,517 | 2,379 | 1,954 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 173 | 36 | 86 |
| A.8. | Taighde | | 483 | 13 | 102 |
| A.9. | Comhsheirbhísí airgid | | 11,123 | 10,219 | 10,466 |
| **Coimisiúin** | | | | | |
| B.1. | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,247 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,200 | 8,447 | 9,152 | 9,767 |
| B.2. | An coimisiún idirnáisiúnta neamhspleách (deontas-i-gcabhair) | | 596 | 7 | 594 |
| B.3. | An Coimisiún Monatóireachta Neamhspleách (deontas-i-gcabhair) | | 518 | 444 | 426 |
| B.4. | An Coimisiún Um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | | 1,097 | 1,097 | 683 |
| **Cúnamh dlíthiúil** | | | | | |
| C.1. | Cúnamh dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,552 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | 57,552 | 56,118 | 56,517 |
| C.2. | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair) | | 24,125 | 24,125 | 24,225 |
| C.3. | Ionaid Saorchomhairle Dlí | | 98 | 98 | 98 |

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar Meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Inimirce agus Tearmann** | | | | | |
| D.1. Seirbhís Eadoirseachta agus Inimirce | | | | | |
| | *Bunaidh* | 46,882 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,568 | 52,450 | 53,036 | 57,233 |
| D.2. Tascfhórsa an lucht iarrtha tearmainn - cúnamh dlíthiúil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,445 | | | |
| | *Forlíontach* | (800) | 5,645 | 6,245 | 7,967 |
| D.3. Aisíoc dídine d'údaráis áitiúla | | | 67,492 | 69,460 | 79,074 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | | |
| E.1. An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána | | | 320 | 229 | 975 |
| E.2. Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | | | 1,458 | 1,450 | 1,376 |
| E.3. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,727 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,300) | 6,427 | 6,673 | 6,531 |
| E.4. Cigireacht na bpríosún | | | 413 | 322 | 344 |
| E.5. Seirbhís chróinéara | | | | | |
| | *Bunaidh* | 355 | | | |
| | *Forlíontach* | 150 | 505 | 517 | 378 |
| E.6. An Bord Parúil | | | 291 | 364 | 392 |
| E.7. An tsaotharlann dlí-eolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,119 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | 8,619 | 8,275 | 8,702 |
| E.8. Oifig an phaiteolaí stáit | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,541 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,000) | 1,541 | 945 | 2,459 |
| E.9. Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil (a) | | | 4,237 | 4,228 | 4,285 |
| E.10. Maoiniú seirbhísí d'íospartaigh na coireachta | | | 1,321 | 1,178 | 1,307 |
| E.11. Bearta coiscthe coireanna | | | 217 | 205 | 247 |
| E.12. Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála) | | | 166 | 66 | 78 |
| E.13. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,242 | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | 8,542 | 8,506 | 9,235 |
| E.14. An tÚdárás um Shlándáil Phríobháideach | | | 2,233 | 2,044 | 2,170 |
| E.15. Oifig Chigireachta na nGardaí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,701 | | | |
| | *Forlíontach* | (600) | 1,101 | 1,083 | 1,190 |
| E.16. Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,245 | | | |
| | *Forlíontach* | (575) | 670 | 621 | 729 |
| E.17 An tÚdaras um Rialáil Seirbhísí Maoine Náisiúnta | | | 738 | 637 | 622 |

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar Meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.18. | Bearta um míbhuntaíste sóisialta (cistí díomhaoin maoinithe) | | 176 | 176 | 297 |
| E.19 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (dlí coiriúil) | | 477 | 511 | 586 |
| E.20. | Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,416 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | 1,916 | 1,905 | 1,949 |
| **Seirbhísí Promhaidh** | | | | | |
| F.1. | Seirbhísí promhaidh - tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,524 | | | |
| | *Forlíontach* | (600) | 21,924 | 21,883 | 21,826 |
| F.2. | Seirbhísí promhaidh - costais oibriúcháin | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,923 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | 4,623 | 4,599 | 4,547 |
| F.3. | Seirbhís phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,522 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,586) | 9,936 | 9,796 | 9,520 |
| F.4. | Scéim orduithe na seirbhíse pobail | | 2,284 | 2,058 | 2,081 |
| **Comhionannas, Comhtháthú & Míchumas** | | | | | |
| G.1. | An tÚdarás Comhionannais (deontas-i-gcabhair) | | 2,420 | 2,395 | 1,193 |
| G.2. | An Binse Comhionannais | | 1,775 | 1,838 | 1,035 |
| G.3. | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban | | 405 | 405 | 274 |
| G.4. | Díonadh comhionannais | | 150 | 150 | 1 |
| G.5. | Monatóireacht comhionannais/coistí Comhairleacha | | 402 | 228 | 115 |
| G.6. | Príomhshruthú inscne agus gníomh dearfach ar son ban | | 2,203 | 2,100 | 61 |
| G.7. | Oifig an Aire Lánpháirtíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,638 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | 3,138 | 2,141 | 836 |
| G.8. | An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | | 1,384 | 1,233 | 135 |
| G.9. | Stádas na ndaoine faoi mhíchumais | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,939 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | 939 | 865 | 470 |
| G.10 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,336 | | | |
| | *Forlíontach* | (826) | 3,510 | 3,335 | 1,561 |
| G.11 | Tionscadail mhíchumais | | 122 | 1 | 169 |

| Seirbhís | | | 2011 Soláthar Meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Carthanais** | | | | | |
| H.1. | Rialachán na gcarthanas | | 400 | 238 | — |
| H.2. | Oifig um thabhartais agus um thiomnachtaí carthanúla | | 321 | 202 | — |
| H.3. | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchur | | 6,000 | 6,000 | — |
| **Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig** | | | | | |
| I. | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,341 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,800) | | | |
| | | | 35,541 | 35,062 | 43,894 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 402,333 | | | |
| | *Forlíontach* | 331 | | | |
| | | | **402,664** | **400,451** | **415,831** |
| | **Asbhain:** | | | | |
| J. | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 47,139 | | | |
| | *Forlíontach* | 330 | | | |
| | | | **47,469** | **50,027** | **48,068** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 355,194 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **355,195** | **350,424** | **367,763** |
| | **Farasbarr don bhliain** | | | **4,771,260** | **22,482,599** |
| | **Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas** | | | **460,000** | — |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | | **€4,311,260** | **€22,482,599** |

## Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 46,205 | 47,677 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 354,246 | 368,154 |
| **Ollchaiteachas** | | | 400,451 | 415,831 |
| Asbhain | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 50,027 | 48,068 |
| **Glanchaiteachas** | | | 350,424 | 367,763 |
| **Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | | (1,196) | | |
| Dímheas | | 8,711 | | |
| Caillteanas i ndiúscairtí | | 9 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | | 19 | 7,543 | 7,782 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| íocaíochtaí in airgead tirim | | | (4,193) | (7,538) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (5,695) | | |
| Méadú ar stoc | | (8) | | |
| | | | (5,703) | (2,105) |
| **Caiteachas díreach** | | | 348,071 | 365,902 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 31,505 | 31,732 |
| Measchíosanna | | | 4,514 | 6,560 |
| **Costas iomlán oibríochtaí** | | | **384,090** | **404,194** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 19 a tháinig ó áit eile

| **Vóta** | | **2011**<br>**€000** | **2010**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 23,315 | 21,920 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,605 | 2,676 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 13,295 | 15,181 |
| 20 | Garda Síochána | 198 | 216 |
| | Lárchiste – Pinsin na nAirí | 388 | 236 |
| | | 39,801 | 40,229 |
| 19 | Costas na gComhsheirbhísí Airgeadais cionroinnte ar na seirbhísí gaolmhara | (8,296) | (8,497) |
| | | **31,505** | **31,732** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2010

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 35,263 | 34,549 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 5,647 | 9,536 |
| | | **40,910** | **44,085** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,082 | 1,938 |
| Stoic | 2.4 | 546 | 538 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,879 | 1,841 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,115 | 1,544 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 3,817 | 3,408 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,439** | **9,269** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,426 | 9,507 |
| Ioncam iarchurtha | | 186 | 191 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 5,946 | 5,088 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 953 | 258 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **13,511** | **15,044** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(72)** | **(5,775)** |
| **Glansócmhainní** | | **40,838** | **38,310** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **40,838** | **38,310** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 15,000 | 1,388 | 85,678 | 5,091 | 107,157 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta[1] | — | — | 47 | 11 | 58 |
| Sócmhainní a aistríodh ó Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[2] | — | — | 34 | 16 | 50 |
| Sócmhainní gníomhaireachta a aistríodh ó Ghníomhaireachtaí eile[3] | — | — | 571 | 151 | 722 |
| Breiseanna | — | 80 | 9,161 | 37 | 9,278 |
| Diúscairtí | — | (185) | (860) | (20) | (1,065) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 15,000 | 1,283 | 94,631 | 5,286 | 116,200 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 660 | 885 | 67,533 | 3,530 | 72,608 |
| Dímheas ar shócmhainní traschurtha ó Ranna eile [1] | — | — | 499 | 156 | 655 |
| Dímheas don bhliain | 300 | 230 | 7,860 | 321 | 8,711 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (185) | (834) | (18) | (1,037) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 960 | 930 | 75,058 | 3,989 | 80,937 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **14,040** | **353** | **19,573** | **1,297** | **35,263** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **14,340** | **503** | **18,145** | **1,561** | **34,549** |

[1]Baineann an coigeartú le sócmhainní traschurtha ó chlár sócmhainne na Roinne mar thoradh ar thraschur na bhfeidhmeanna ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Oifig um Thabhartas agus um Thiomnachtaí Carthanúla.

[2]Níor cuireadh luach €20,800 de shócmhainní le clár na sócmhainní ós rud é go raibh a gcostas níos lú ná €1,000; ba chóir tabhairt faoi deara go raibh na rudaí seo go hiomlán dímheasta ag am an aistrithe.

[3] Sócmhainní a aistríodh ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag eascairt as aistriú na bhfeidhmeanna ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| | Feidhmchláir Ríomhaireachta In-tí €000 | Foirgnimh €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011 | 3,912 | 5,624 | 9,536 |
| Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain | 4,170 | 23 | 4,193 |
| Aistrithe go Clár na Sócmhainní | (8,082) | — | (8,082) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011 | — | 5,647 | 5,647 |

Nóta: Cuimsíonn an iarmhéid ag 31 Nollaig 2011 caiteachas de €1.059 milliún maidir le costais feistithe áitribh ar léas i mBaile Átha Cliath le gurbh fhéidir leis an tSeirbhís Promhaidh iad a úsáid.Cé nár cuireadh an obair i gcrích ag an gcéim seo fós, níl an tSeirbhís Promhaidh in inmhe an t-áitreabh a ghabháil. Tá sin amhlaidh ós rud é, in ainneoin a mhalairt de chomhairle a tugadh níos luaithe, fuarthas amach nach ann do chead pleanála d'úsáid an fhoirgnimh don chuspóir a ndearnadh soláthar dó sa léas. Tar éis comhairle dlí a fháil, cuireadh tús le próiseas leis an léas a chur ar ceal agus iarracht a dhéanamh caiteachas agus cíos an fheistithe a chúiteamh chomh maith leis na costais ghaolmhara.

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 7,354 | 7,154 |
| Orduithe gan íoc | (4,272) | (5,216) |
| | 3,082 | 1,938 |

## 2.4 Stoic

ag 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Páipéarachas | 178 | 180 |
| Tomhaltais Fóiréinseacha | 172 | 182 |
| Tomhaltais TF | 131 | 124 |
| Ilghnéitheach | 21 | 30 |
| Foilseacháin | 25 | 5 |
| Trealamh/Éadach | 19 | 17 |
| | 546 | 538 |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 638 | 127 |
| Óinchistí | 97 | 105 |
| Tuarastail aisghabhála | 113 | 209 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 257 | 42 |
| Glacadóireacht CAB | 152 | 161 |
| Cuntas cur ar fionraí párolla (Paypath) | 2,469 | 2,177 |
| Eile | 91 | 587 |
| | 3,817 | 3,408 |

## 2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 2,090 | 1,304 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 907 | 927 |
| Cáin Bhreisluacha | 106 | 164 |
| Ranníocaíochtaí Pinsean | 1 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Girmiúla | 1,838 | 1,481 |
| Cáin Foirgníochta | 28 | 9 |
| | 4,970 | 3,885 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 744 | 690 |
| Eile | 232 | 513 |
| | 5,946 | 5,088 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,311 | 22,483 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 460 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,818) | (22,225) |
| Glandliteanas don Státchiste | 953 | 258 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,082 | 1,938 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 3,817 | 3,408 |
| | 6,899 | 5,346 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,970) | (3,885) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (976) | (1,203) |
| | (5,946) | (5,088) |
| | 953 | 258 |

## 2.8 Ceangaltais

### (a) Ceangaltais Domhanda

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na dtiomantais in-fheidhmithe le dlí | 2,284 | 1,500 |

### (b) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

| Tionscadal | Caiteachas go 1 Eanair 2011<br>€000 | Caiteachas in 2011<br>€000 | Blianta Iartheach-tacha<br>€000 | Costas Measta Iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| AISIP – Clár Comhtháthaithe Straitéiseach Tearmainn/Inimirce | 5,210 | 4,242 | 303 | 9,755 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, [tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha,] agus os cionn 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.2. | 156 | Tharla an choigilt de bharr beartas agus rialuithe níos déine i ndáil le taisteal agus laghdú sa líon taistil déanta sa Roinn trí chéile. |
| A.6. | (862) | Tharla an farasbarr go príomha de bharr íocaíocht na méideanna le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le cothabháil glactha de lámh thar ceann na Roinne i mblianta roimhe sin. Chuir na costais fuinnimh méadaitheacha agus an aimsir fíochmhar fuar a bhí ann ag deireadh na bliana 2010 leis an gcaiteachas sa bhfotheideal seo. |
| A.7. | 137 | Tharla an choigilt seo de bharr tionscadail beartaithe ar leith nár chuaigh ar aghaidh agus tascanna gaolmhara eile á gcur i gcrích ar bhonn in-tí. |
| A.8. | 470 | Tharla an choigilt de bharr laghdú na dtionscadal taighde i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíochta reatha. |
| B.1. | (705) | Tharla an farasbarr ar bhfotheideal seo de bharr caiteachas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le táillí dlí tríú páirtí i ndáil le Binse Morris. Lena chois sin, bhí táillí dlí i ndáil le Coimisiún Deoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath dlite le haghaidh íocaíochta déanach in 2011. |
| B.2. | 589 | Tharla an choigilt de bharr comhlánú obair an Choimisiúin go luath sa bhliain 2011. Díscaoileadh an Coimisiún i Márta 2011. |
| D.2. | (600) | Tharla an farasbarr go príomha de bharr caiteachas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le seirbhísí arna soláthar ag an Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe. Táthar tar éis an fotheideal seo a chumasc leis an deontas-i-gcabhair foriomlán chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ó 2012 ar aghaidh. |
| E.8. | 596 | Tharla an choigilt seo go príomha de bharr easpa dul chun cinn i dtógáil áiseanna nua saotharlainne agus coimhdeacha comhroinnte le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath toisc gur cuireadh an conraitheoir faoi ghlacadóireacht agus tá an próiseas tairisceana le hathtosú go fóill. |
| E.10. | 143 | Tharla na choigilt de dheasca laghdú beag sa mhaoiniú d'eagraíochtaí, de bharr an timpeallacht bhuiséadach deacair agus coigilt ar fhotheidil riaracháin. |
| E.12. | 100 | In ainneoin méadú i líon na n-iarratas, bhí costas aistriúcháin na gcáipéisí i ndáil le fuadach leanaí ag tuismitheoirí agus aisghabháil na cothabhála ó agus go dtí thar lear níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| E.14. | 189 | Tharla an choigilt toisc nár tabhaíodh caiteachas beartaithe de bharr moill i gceadúnú na n-earnálacha slándála nua ar fheitheamh comhlíonadh na reachtaíochta cuí. |
| E.17. | 101 | Tharla an choigilt toisc nár chuathas ar aghaidh le feidhmeanna reachtúla ar leith le bheith curtha i gcrích ag an NPSRA, agus atá faoi réir achtú an Achta um Rialachán na Seirbhíse Maoine 2011, toisc nach raibh tús curtha leis an reachtaíocht ábhartha. |

| Fotheideal | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| F.4. | 226 | Tharla an choigilt de bharr roinnt folúntas foirne atá laistigh den tSeirbhís Promhaidh, mar aon le próisis riaracháin agus nós imeachta níos éifeachtúla. |
| G.5. | 174 | Tharla an choigilt de bharr laghdú caibidlithe i dtáillí bainistíochta tionscadail i ndáil leis an gCiste Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe agus tarraingt anuas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le cistí ag tionscadail faoin gciste seo. |
| G.6. | 103 | Tharla an choigilt toisc nár cháiligh dhá cheann de na tionscadail a roghnaíodh le haghaidh maoinithe faoin mBeart um Chomhionannas do Mhná sa tréimhse 2009/2010 le haghaidh leathnaithe in 2011. |
| G.7. | 997 | Tharla an choigil de bharr laghdú sa mhaoiniú d'eagraíochtaí, de bharr sriantachtaí buiséid, mar aon leis an bhfíric go raibh maoiniú idir lámha ag roinnt eagraíochtaí ó tharraingtí anuas deontais roimh seo. |
| G.8. | 151 | Tharla an choigilt toisc nach ndéanann Pobal n-íocaíochtaí deontais tairbhí faoi na Cistí Eorpacha Lánpháirtíochta agus um Dhídeanaithe le tairbhithe ach amháin sa chás go gcomhlíontar coinníollacha ar leith. |
| G.10. | 175 | Tharla an choigilt de bharr laghdú in acmhainní foirne agus éifeachtúlachtaí á ngnóthú i gcostais riaracháin agus fotheidil. |
| G.11. | 121 | Tharla an choigilt toisc nár tugadh faoi thiomantais maoinithe ilbhliantúla de bharr na héiginnteachta i gcúinsí buiséid. |
| H.1. | 162 | Tharla an choigilt de bharr an cinneadh chun cur chun feidhme an Achta Carthanas a iarchur, de bharr sriantachtaí buiséid. |
| H.2. | 119 | Tharla an choigilt de bharr folúntais foirne neamhlíonta agus coigilt riaracháin eile san oifig. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | 2011 Measta | 2011 Réadaithe | 2010 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Táillí cinsireachta scannáin (airgead tirim) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,503 | | | |
| | *Forlíontach* | (275) | 2,228 | 2,041 | 2,515 |
| 2. Aisíocaíocht na dtuarastal | | | 75 | — | — |
| 3. Táillí cosanta sonraí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 450 | | | |
| | *Forlíontach* | 100 | 550 | 584 | 589 |
| 4. Fáltais AE | | | 1,956 | 3,796 | 3,319 |
| 5. Fáltais ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,083 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,100 | 3,183 | 3,245 | 1,623 |
| 6. Táillí cláraithe inimirce | | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,908 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,800) | 12,108 | 12,350 | 14,900 |
| 7. Taillí Víosa | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 205 | 6,005 | 7,323 | 7,025 |
| 8. Taillí na gCuntas Díomhaoin | | | 350 | 221 | 672 |
| 9. Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | | | 2,364 | 2,199 | 2,668 |
| 10. Ranníocaíochtaí le scéim pinsean do bhaill foirne neamh-mhúinteoireachta de chuid lárionad do chiontóirí óga | | | 585 | 566 | 630 |
| 11. Táillí na dteastas Náisiúntachta agus Saoránachta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,150 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,850 | 10,000 | 9,592 | 6,220 |
| 12. Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,915 | | | |
| | *Forlíontach* | 150 | 8,065 | 8,110 | 7,907 |
| **Iomlán** | | | **47,469** | **50,027** | **48,068** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**
Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000 agus de níos mó ná 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| J.1. | 187 | Baineann an t-easnamh le laghdú i líon na scannán agus DVDanna ag éileamh rangúchán. |
| J.4. | (1,840) | Is deacair tráthúlacht na bhfáltas ó na cláir úd a mheas le cruinneas. Sa chás seo fuarthas formhór na bhfáltas farasbairr déanach in 2011. |
| J.7. | (1,318) | Tharla an farasbarr de bharr méadú san éileamh víosa trí chéile ar fud an domhain, i gcomparáid le 2010. |
| J.8. | 129 | Tugtar míniú ar an easnamh le tarraingt anuas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis faoin gCiste Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe do thionscadail áitiúla arna riar ag Pobal. |
| J.9. | 165 | Tharla an t-easnamh de bharr laghdú i ndlús na n-iarratas ar cheadúnas athnuaite. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 2,392 | 2,476 |

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 132,061 | 136,566 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 181 | 184 |
| Liúntais eile | 5,630 | 3,318 |
| Liúntais le haghaidh ragoibre agus tinrimh bhreise | 1,924 | 1,663 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,566 | 6,143 |
| **Pá iomlán** | **147,362** | **147,874** |

**Tabhair faoi deara:** Tugtar míniú ar an méadú i liúntais agus ragobair in 2011 go príomha le cuimsiú na bhfostaithe de chuid Scoileanna Coinneála Leanaí (Fotheideal I) i lárchóras párolla na Roinne ó 1ú Eanáir 2011 a sholáthair breis anailíse ar chostas párolla.

Tabhair faoi deara: Áirítear sa bhfigiúr pá iomlán pá ó na fotheidil seo a leanas: A1, A9, B1, B4, C2, D1, D2, E1, E2, E3, E4, E5, E6, E7, E8, E9, E11, E13, E14, E15, E16, E17, E19, E20, F1, F4, G1, G2, G6, G7, G10, H2 agus I.

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 41 | 6 | 19,063 | 26,535 |
| Liúntais le haghaidh ragoibreagus tinrimh bhreise | 361 | 31 | 27,017 | 27,886 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 60 | 8 | 10,712 | — |
| Ilgnéitheacha | 664 | 124 | 38,840 | 27,429 |

**Tabhair faoi deara:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

San iomlán íocadh €206,458 do 19 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsin ón státseirbhís, a athfhostaíodh i ndualgais éagsúla le linn 2011. Ina theannta sin, íocadh €181,957 d'iarbhall na breithiúnachta, suim a fuarthas go díreach ó Fhotheideal E.19 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil).

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,154,129 in iomlán maidir leis an Scéim Chúnaimh Dlíthiúil neamh-reachtúil do ghníomhaíochtaí de chineál CAB.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €1,171,348 in iomlán maidir leis an Scéim neamh-reachtúil um Chomhairle Chúnaimh Dlíthiúil do Stáisiún Garda.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €355,979 in iomlán i roinnt cásanna maidir leis an tseirbhís Chróinéara.

Soláthraíodh tionscadal Malartáin Neamhbhrabúis Eolais na hÉireann (INKEx) a d'éascaigh stór d'fhaisnéis nochta rialála faoi eagraíochtaí neamhbhrabúis Éireannacha le híocaíochtaí ex-gratia de €154,477 le freastal a dhéanamh ar thiomantais maidir le tuarastail agus míreanna eile.

### 6.2 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí

Fuarthas suim €317,751 ó Chiste Tionscnaimh na nDrugaí agus tá se áirithe trí chuntas fionraí.

### 6.3 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinneadh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €6,000,000 le tionscnóirí na gcrannchur carthanachta ar leith ó fhotheideal H.3. Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais www.justice.ie

## 6.4 Maoiniú AE

Áirítear caiteachas i leith ghníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an Aontas Eorpach sna torthaí i bhFotheidil D.1. agus I. Ina theannta sin, cuirtear maoiniú do chlár arna mhaoiniú ag an AE, "Clár Sábháilteachta Breise Idirlín" trí chuntas na hOifige um Shábháilteacht Idirlín.

| **Fotheid** | **Cur Síos** | **2011 Meastacháin** | **2011 Caiteachas** | **2010 Caiteachas** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1. | Ciste Eorpach Gnóchan | 452 | 452 | 1,083 |
| I. | ESF- Scileanna agus fostóirí breise um Athstiúradh na nGardaí don Óige | 1,750 | 1,463 | 3,500 |
| | | **2,202** | **1,915** | **4,583** |

## 6.5 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

| | **Bliain an Cheapacháin** | **Caiteachas i 2010** | **Caiteachas i 2011** | **Caiteachas Carntha go 31 Nollaig 2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Binse Morris | 2002 | 5,079 | 2,865 | 60,540 |
| Binse Barra | 2002 | 152 | — | 20,700 |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 74 | 76 | 1,481 |
| Binse Smithwick | 2005 | 1,518 | 1,550 | 9,377 |
| Fiosrú Rossiter | 2005 | 14 | 26 | 2,755 |
| Coimisiún Deoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath | 2006 | 1,249 | 2,618 | 8,759 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2006 | 1,353 | 1,069 | 4,039 |
| An Coimisiún ar Cheartas Aisiríoch | 2007 | 5 | — | 735 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Gary Douch | 2007 | 323 | 296 | 1,643 |
| An Coimisiún Reifrinn (Pá Breithiúnach) | 2011 | — | 652 | 652 |
| | | **9,767** | **9,152** | **110,681** |

## 6.6 Dliteanas Teagmhasach

Beidh costais bhreise ag baint le cuid de na Coimisiúin agus de na Fiosrúcháin seo. Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo mar tá obair na gcomhlachtaí ar siúl go leanúnach.